Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil | Aonad:	Saotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas UCD
Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair*(más ábhartha)*	**Eolaí Cliniciúil (Séireolaíocht Víreasach)**
Fad an Phoist:	12 mhí (Painéal sealadach T/Canna ceangailte)
Grád:	Eolaí Cliniciúil_2010 (5054_X)
Bainisteoir Líne	Eolaí Cliniciúil Sinsearach /Ardoifigigh Teicniúla
Uimhir Thagartha an Chomórtais	017963
Riarthóir Acmhainní Daonna	Julie Breen

Achoimre ar an bPost:

Fáiltítear roimh iarratais don phost mar Eolaí Cliniciúil mar bhall d'Fhoireann Chliniciúil Sheirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris UCD (NVRL).

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (NVRL) i Seirbhísí Sláinte na hÉireann mar an phríomhsheirbhís dhiagnóiseach agus tagartha do chliniceoirí a bhfuil imscrúdú á dhéanamh acu ar ionfhabhtuithe víris. Is seirbhís bunaithe ar éileamh í NVRL a thairgeann breis is 170 measúnacht chun ar a laghad 45 paitigin dhifriúil a dhiagnóisiú agus san áireamh san ualach oibre reatha tá breis is 1,000,000 tástáil a dhéanamh sa bhliain. Soláthraíonn an tsaotharlann seirbhís chliniciúil agus theicniúil ar glaoch 24/7 chun déileáil le riachtanais tástála phráinneacha agus chun tacú leis an gClár Náisiúnta Trasphlandaithe, Deonú & Trasphlandú Orgán Éireann (ODTI).

Tá an NVRL creidiúnaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) mar Shaotharlann Náisiúnta don Phóilióivíreas, don Fhliú, don Bhruitíneach agus don Rubella. Chomh maith leis sin, tá an NVRL creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun tástáil a dhéanamh de réir mar atá mionsonraithe sa Sceideal ar a bhfuil an Uimhir Chlárúcháin 326MT, de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta in ISO/IEC 15189:2022 4ú hEagrán "*Medical laboratories - Requirements for quality and competence*".

Is é príomhchuspóir an phoist oibriú mar bhall den fhoireann Shéireolaíochta Víreasaí faoi mhaoirseacht dhíreach an Eolaí Chliniciúil Shinsearaigh agus an Ardoifigigh Theicniúil/ na nArdoifigeach Teicniúil chun a chinntiú go bhfuil an tseirbhís shéireolaíochta víreasaí atá á soláthar ag NVRL gairmiúil, éifeachtúil, dírithe ar chaighdeán agus ag feidhmiú ar bhealach atá chomh éifeachtach agus is féidir ó thaobh costais de.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá COBÁC tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina bhfuil ceiliúadh déantar ar an éagsúlacht, agus cothromaíocht deiseanna curtha ar fáil do gach duine. Chuige sin, cloíonn an Ollscoil le réimse polasaithe comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe. Molaimid d'iarrthóirí dul i gcomhairle leis na polasaithe sin anseo https://www.ucd.ie/equality/. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear daoine a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta leo atá leagtha amach inár bpolasaí maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Beifear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir rathúil an méid seo a leanas:

Cliniciúil

- Cabhrú le forbairt sheirbhís NVRL ionas go gcomhlíonann sí riachtanais cliniceoirí agus othar, agus a chinntiú go bhfuil an tseirbhís comhsheasmhach le misean, luachanna agus plean straitéiseach NVRL agus UCD
- Éifeachtacht chliniciúil agus caighdeán seirbhísí a chothabháil agus a fheabhsú trí iniúchadh, athbhreithnithe measúnachta agus úsáid a bhaint as fadhbréiteach criticiúil eolaíoch
- Páirt a ghlacadh i líonraí cliniciúla agus gairmiúla de bhaill foirne go háitiúil agus go náisiúnta
- Freastal ar thorthaí eolaíocha, teicniúla agus iniúchta ag cruinnithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus iad a chur i láthair

Eolaíoch

- Faoi mhaoirseacht an Eolaí Chliniciúil Shinsearaigh (SCS) agus na bPríomhoifigeach Teicniúil, cabhrú le bunú nósanna imeachta diagnóiseacha i gcomhréir le moltaí idirnáisiúnta nó le forbairtí reatha, agus a chinntiú go bhfuil na torthaí a ghinfear ábhartha i dtéarmaí cliniciúla, chun a chur san áireamh:
- Páipéir agus athbhreithnithe ar measúnachtaí a foilsíodh roimhe seo a mheas
- Cur le roghnú na hionstraimíochta i gcás inarb ábhartha laistigh den rannóg séireolaíochta víreasaí agus a chinntiú go ndearnadh í a mheas go hiomlán agus a bhailíochtú go heolaíoch i gcomhréir le caighdeán ISO15189, sula nglacfar léi le haghaidh úsáid ghnáthaimh.
- Measúnachtaí a bhailíochtú/fhíorú agus an cháipéisíocht ábhartha á chomhlánú de réir mar a cheanglaítear
- Cabhrú le cur chun feidhme measúnachtaí/ trealaimh nó teicneolaíochta nua in úsáid ghnáthaimh lena n-áirítear oiliúint foirne
- Nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha agus an cháipéisíocht a bhaineann leis na modhanna nua sin a bhunú
- Cabhrú le fadhbanna measúnachta diagnóisí a réiteach
- Anailís a dhéanamh ar shonraí saotharlainne ag úsáid pacáistí staitistiúla amhail SSPS, Excel etc
- Litríocht fhoilsithe maidir le víreolaíocht chliniciúil, diagnóisic agus ábhair ghaolmhara a mheas
- Cion a dhéanamh do chothabháil cháilíochta de réir caighdeáin náisiúnta e.g. i gcomhréir le caighdeán ISO15189

Taighde agus forbairt

- Taighde a dhéanamh agus cabhrú le forbairt i réimsí a bhaineann le riachtanais na seirbhíse séireolaíochta víreasaí de réir mar a chinnfidh an Stiúrthóir/Leas-Stiúrthóir/ SCS. Tuairisciú ar mheastóireachtaí ar tugadh fúthu agus an fhoireann a chur ar an eolas faoi na torthaí
- Torthaí taighde agus forbartha a chur i láthair, ag cruinnithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Cabhrú le tionscadail taighde de réir mar a cheanglaítear

Oiliúint

- Forbairt, cothabháil agus dáileadh ag na caighdeáin chleachtais ghairmiúla is airde a chinntiú trí rannpháirtíocht ghníomhach in oiliúint CPD inmheánach agus sheachtrach.
- Cúrsaí oideachais agus oiliúna maidir le modheolaíochtaí agus úsáidí i gcúram sláinte a chur ar fáil de réir mar is gá
- Cur le clár oiliúna na roinne séireolaíochta víreasaí maidir le modh nó teicneolaíocht nua a thabhairt isteach

Ginearálta

- Freastal ar choistí agus ar chruinnithe roinne de réir mar a cheanglaítear agus páirt a ghlacadh iontu
- Cloí i gcónaí le Beartas Sábháilteachta Saotharlainne agus Córas Bainistíochta Cáilíochta an NVRL
- Feasacht ar bheartais sláinte agus sábháilteachta sa tsaotharlann agus a chinntiú go gcuirtear chun feidhme iad ar mhaithe le timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil
- Tuairisciú/cinntiú go ndéantar aon fhabht a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an obair a chur ar súile an mhaoirseoir ainmnithe
- Déileáil le soláthar agus le glacadh le faisnéis atá an-chasta agus an-íogair go héifeachtach
- Faisnéis a fhaightear i rith dualgais a chomhlíonadh a urramú, agus gan aon fhaisnéis dá leithéid a nochtadh gan toiliú an fhostaí/an othair, nó an duine atá i dteideal gníomhú ar a s(h)on, seachas sa chás go gceanglaítear an nochtadh de réir an dlí nó de réir ordú Cúirte
- Páirt a ghlacadh in athbhreithniú comhpháirteach bliantúil ina gcuimsítear breithniú ar an méid seo a leanas: cuspóirí agus pleananna sonraithe na saotharlainne; sainchuntas poist; cuspóirí pearsanta; agus riachtanais oiliúna agus forbartha
- Dualgais agus freagrachtaí oiriúnacha a chur i gcrích de réir mar a cheanglaíonn an SCS agus na CTOanna

Tuarastal: Clinical Scientist_2010 (5054_X): €49,323 - €76,304 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe leo. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

Cáilíochtaí

- Céim in ábhar eolaíochta ábhartha
- MSc i réimse ábhartha, víreolaíocht go hidéalach

Taithí

- Taithí dhá bhliana roimhe seo ar a laghad i saotharlann dhiagnóiseach chliniciúil
- Mionthaithí ar fhadhbanna measúnachta diagnóisí séireolaíochta víreasaí a réiteach
- Eolas maith ar Chreidiúnú Saotharlainne (ISO:15189)
- Eolas maith ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta reatha a bhaineann leis an tsaotharlann
- Inniúil ar úsáid a bhaint as Córais Faisnéise Saotharlainne
- Inniúil ar úsáid a bhaint as bogearraí Rialaithe Cáilíochta agus rialaithe Doiciméad
- Sárscileanna idirphearsanta agus an cumas oibriú mar bhall foirne
- Sárscileanna cumarsáide san eagraíocht agus an cumas torthaí agus moltaí a chur i láthair
- Do chuid oibre/ama féin a eagrú go héifeachtach agus in ord tosaíochta dá réir sin
- Cur chuige sármhaith maidir le fadhbréiteach.
- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a léiriú.

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Ní mór duit an critéar cuí don ról a roghnú agus a chur san áireamh faoin gcuid éigeantach den Sainchuntas Poist. Chun tuilleadh eolais agus sonraí a fháil faoi "leibhéil choibhéiseacha" na Dáimhe agus na foirne eile, déan teagmháil le do Chomhairleoir Acmhainní.

Critéir le haghaidh gráid AOII – AOIA agus leibhéil choibhéiseacha na Dáimhe agus foirne eile

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a léiriú.

Critéir ghrád SAOIV – SAOIII agus leibhéil choibhéiseacha na Dáimhe agus foirne eile

- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht ionchuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú.

Critéir do róil shinsearacha - UMT móide tuarascálacha díreacha agus SAOII nó leibhéil choibhéiseacha na Dáimhe agus foirne eile

- Caithfidh iarratasóirí fianaise a chur ar fáil a léiríonn ceannasaíocht agus/nó tiomantas léirithe i leith an chomhionannais inscne, agus i leith an chláir níos leithne maidir leis an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
An Scoil/Oifig Chláir/Aonad:	Saotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas UCD
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Paul Holder

© Acmhainní Daonna UCD

Teideal:	Eolaí Cliniciúil Sinsearach
Seoladh r-phoist:	Paul.holder@ucd.ie